Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/1773

2.9.2025

**CINNEADH (CBES) 2025/1773 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an 27 Lúnasa 2025**

**maidir le Ceann Misin Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) a cheapadh (EUAM RCA1/2025)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2019/2110 ón gComhairle an 9 Nollaig 2019 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 8(1) de Chinneadh (CBES) 2019/2110, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh, ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí').

(2) An 25 Lúnasa 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2022/1436 ([2]), lena gceaptar José Manuel MARQUES DIAS ina Cheann Misin EUAM RCA ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2023.

(3) An 21 Deireadh Fómhair 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/2723 ([3]) lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2110 agus lena gcuirtear síneadh le sainordú EUAM RCA go dtí an 7 Lúnasa 2026.

(4) An 22 Deireadh Fómhair 2024, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2024/2796 ([4]) lena gcuirtear síneadh le sainordú José Manuel MARQUES DIAS mar Cheann Misin EUAM RCA ón 1 Samhain 2024 go dtí an 9 Lúnasa 2025.

(5) An 25 Iúil 2025, mhol an tArdionadaí Gail VAN HOEVER a cheapadh ina Ceann Misin EUAM RCA ón 15 Meán Fómhair 2025 go dtí an 7 Lúnasa 2026.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir le Gail VAN HOEVER a cheapadh ina Ceann Misin EUAM RCA ón 15 Meán Fómhair 2025 go dtí an 7 Lúnasa 2026,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceaptar Gail VAN HOEVER ina Ceann Misin Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) ón 15 Meán Fómhair 2025 go dtí an 7 Lúnasa 2026.

---

([1]) IO L 318, 10.12.2019, lch. 141, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/2110/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/1436 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 25 Lúnasa 2022 maidir le Ceann Misin a cheapadh ar Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (EUAM RCA/1/2022) (IO L 225, 31.8.2022, lch. 1, ELI: https://data.europa.eu/eli/dec/2022/1436/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2024/2723 ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/2110 maidir le Misean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (IO L, 2024/2723, 22.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2723/oj).

([4]) Cinneadh (CBES) 2024/2796 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 22 Deireadh Fómhair 2024 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA) (EUAM RCA/2/2024) (IO L, 2024/2796, 28.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2796/oj).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Lúnasa 2025.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

*An Cathaoirleach*

D. PRONK